

# Cairt Chomhairleoirí Áitiúla An Aontais Eorpaigh

## Trí Theacht Isteach Sa Líonra, Cuirim In Iúl Go Bhfuilim Tiomanta Do Na Gníomhaíochtaí Seo A Leanas

- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an líonra (suirbhéanna, pobalbhreitheanna, seimineáir ghréasáin, seimineáir, ardáin líonraithe, etc.) agus teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le baill eile;
- gníomhaíocht chumarsáide amháin ar a laghad a eagrú gach 6 mhí leis na saoránaigh faoin Aontas Eorpach agus na deiseanna a chuireann sé ar fáil do phobail áitiúla;
- idirphlé áitiúil a eagrú, uair sa bhliain ar a laghad, leis na saoránaigh maidir le hábhair is spéis leo a bhaineann leis an Aontas, agus páirt a thabhairt d'institiúidí an Aontais, go háirithe Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR);
- cruinniú amháin de mo Chomhairle áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn gach bliain ina ndíreofar ar ábhair a bhaineann leis an Aontas ('seisiún maidir leis an Aontas') le tacaíocht ó Institiúidí an Aontais agus ó chomhaltaí CnaR;
- úsáid mhaith a bhaint as mo rochtain phribhléideach ar sheirbhísí agus ar tháirgí an líonra, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh le comhaltaí CnaR agus leis an lárionad EUROPE DIRECT is gaire dom d'fhonn oibriú le chéile;
- aiseolas rialta a thabhairt d'institiúidí an Aontais maidir leis na gníomhaíochtaí cumarsáide a bheidh déanta agam mar bhall den líonra;
- Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn i measc ionadaithe tofa áitiúla/réigiúnacha eile a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith páirteach ann.